ISSN 0257-9537

Iris Oifigiúil

na gComhphobal Eorpach

Eagrán Speisialta*

18 Iúil 2002

An t-eagrán Gaeilge

Achtú

Clár

Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach

⋆ **Treoirchinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um ghéilleadh idir na Ballstáit** 1

Dearbhuithe arna ndéanamh ag Ballstáit áirithe maidir leis an Treoirchinneadh ghlacadh . . . 19

GA

* Faoin tagairt L 190 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Chomhphobail.

(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

TREOIRCHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meitheamh 2002

maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um ghéilleadh idir na Ballstáit

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(a) agus (b) agus Airteagal 34(2)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([2]),

De bhrí:

(1) De réir na gconclúidí ón gComhairle Eorpach in Tampere an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 1999, agus go háirithe pointe 35 díobh, ba chóir an nós imeachta foirmiúil um eiseachadadh a dhíothú idir na Ballstáit maidir le daoine atá ar a dteitheadh ón gceartas tar éis dóibh bheith ina n-ábhair do phianbhreith chríochnaitheach agus na nósanna imeachta um eiseachadadh a bhrostú maidir le daoine atá faoi amhras ciona.

(2) Go bhfuil tagairt i gclár na mbeart a bhaineann le cur chun feidhme an phrionsabal maidir le breitheanna coiriúla a aithint go frithpháirteach, atá luaite i bpointe 37 de na conclúidí arna nglacadh ag an gComhairle Eorpach in Tampere ar an 30 Samhain 2000 ([3]), don cheist maidir le barántais ghabhála a fhorghníomhú go frithpháirteach.

(3) Go bhfuil na Ballstáit uile nó cuid díobh ina bpáirtithe i roinnt coinbhinsiún i dtaca leis an eiseachadadh, lena n-áirítear Coinbhinsiún Eorpach um Eiseachadadh an 13 Nollaig 1957 agus Coinbhinsiún Eorpach chun Sceimhlitheoireacht a Dhíothú an 27 Eanáir 1977. Tá dlíthe maidir leis an Eiseachadadh ag na Stáit Nordacha inar comhionann an fhoclaíocht.

(4) Ina theannta sin, go bhfuil na trí Choinbhinsiún seo a leanas a bhaineann go hiomlán nó go páirteach leis an eiseachadadh comhaontaithe idir na Ballstáit agus gur cuid de acquis an Aontais iad: Coinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 ag cur chun feidhme Chomhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a dteorainneacha coiteanna a dhíothú de réir a chéile (sa chaidreamh idir na Ballstáit is páirtithe sa Choinbhinsiún sin) ([4]), Coinbhinsiún an 10 Márta 1995 maidir leis an nós imeachta simplithe um eiseachadadh idir na Ballstáit den Aontas Eorpach ([5]) agus Coinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1996 maidir leis an Eiseachadadh idir na Ballstáit den Aontas Eorpach ([6]).

(5) Mar thoradh ar an gcuspóir atá leagtha síos ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a dhéanamh dá limistéar nach gá an t-eiseachadadh níos mó, agus toisc go gcuirfear ina ionad córas um ghéilleadh idir na húdaráis bhreithiúnacha. Fairis sin, de dheasca córas nua simplithe a thabhairt isteach maidir le daoine a bhfuil pianbhreith tugtha ina leith nó daoine atá faoi amhras ciona a ghéilleadh chun críocha pianbhreitheanna coiriúla a fhorghníomhú nó imeachtaí a thabhairt ar aghaidh, is féidir coimpléascacht agus an tsiocair moilleadóireachta is cuid dhílis den nós imeachta láithreach um eiseachadadh a dhíchur. An comhar traidisiúnta caidrimh a bhí i réim idir na Ballstáit go dtí seo ba chóir córas saorghluaiseachta maidir le breitheanna breithiúnacha in ábhair choiriúla a chur ina ionad, a fholaíonn breitheanna réamhphianbhreithe oiread agus breitheanna críochnaitheacha, laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

(6) Gurb é an barántas gabhála Eorpach dá bhforáiltear sa Treoirchinneadh seo an chéad bheart táigiúil i réimse an dlí choiriúil a chuireann chun feidhme an prionsabal maidir leis an aitheantas frithpháirteach ar thug an Chomhairle Eorpach cloch choirnéil an chomhair bhreithiúnaigh air.

(7) Nach féidir leis na Ballstáit an aidhm, arb éard é an córas iltaobhach um eiseachadadh arna thógáil ar Choinbhinsiún Eorpach um Eiseachadadh an 13 Nollaig 1957, a ghnóthú go haontaobhach agus gur fearr is

([1]) IO C 332 E, 27.11.2001, lch. 305.
([2]) Tuairim arna heisiúnt ar an 9 Eanáir 2002 (gan foilsiú fós san IO).
([3]) IO C 12 E, 15.1.2001, lch. 10.
([4]) IO L 239, 22.9.2000, lch. 19.
([5]) IO C 78, 30.3.1995, lch. 2.
([6]) IO C 313, 13.10.1996, lch. 12.

féidir a ghnóthú mar sin, toisc a raon feidhme agus a éifeachtaí, ag leibhéal an Aontais, is féidir leis an gComhairle bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ag bunú na gComhphobal Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Treoirchinneadh seo thar mar is gá chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(8) Nach mór breitheanna maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a bheith faoi réir rialuithe leordhóthanacha; ciallaíonn sé sin go gcaithfidh údarás breithiúnach de chuid an Bhallstáit inar gabhadh an duine iarrtha an bhreith a ghlacadh maidir lena g(h)éilleadh.

(9) Nach mór ról na n-údarás láir maidir le forghníomhú barántas gabhála Eorpach a theorannú do chúnamh praiticiúil riarthach.

(10) Go bhfuil an mheicníocht i dtaca leis an mbarántas gabhála Eorpach bunaithe ar ardleibhéal muiníne idir na Ballstáit. Ní fhéadfar cur chun feidhme na meicníochta sin a fhionraí ach amháin i gcás Ballstát amháin na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 6(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a shárú go tromchúiseach, leanúnach, agus an sárú sin arna shuíomh ag an gComhairle de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh sin leis na hiarmhairtí dá bhforáiltear in Airteagal 7(2).

(11) Sa chaidreamh idir na Ballstáit gur chóir go ngabhfadh an barántas gabhála Eorpach ionad na n-ionstraimí uile maidir le heiseachadadh, lena n-áirítear forálacha Theideal III de Choinbhinsiún chur chun feidhme Chomhaontú Schengen a bhaineann leis an eiseachadadh.

(12) Go n-urramaíonn an Treoirchinneadh seo na saoirsí bunúsacha agus go gcomhlíonann sé na prionsabail arna n-aithint in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá le fáil sa Chairt um Chearta Bunúsacha den Aontas Eorpach ([1]), go háirithe Caibidil VI de. Ní féidir aon ní sa Treoirchinneadh seo a léirmhíniú mar thoirmeasc ar dhiúltú duine a ghéilleadh a bhfuil barántas gabhála Eorpach eisithe ina leith má tá cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhfuil an barántas gabhála Eorpach eisithe d'fhonn duine a ioncúiseamh nó a phionósú de bhíthin a g(h)néis, a c(h)ine, a reiligiúin, a b(h)unaidh eitnigh, a náisúntachta, a t(h)eanga, a t(h)uairimí polaitiúla nó a t(h)reoshuímh ghnéasaigh, nó go bhféadfar seasamh an duine sin a dhochrú ar aon cheann de na cúiseanna sin.

Ní chuireann an Treoirchinneadh seo cosc ar aon Bhallstát a chuid rialacha bunreachtúla a chur i bhfeidhm a bhaineann le próiseas cuí, saoirse comhlachais, saoirse an phreasa agus an tsaoirse friotail sna meáin eile.

(13) Nár chóir aon duine a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go bhféadfaí é/í a chur faoi réir phionós an bháis, an céasadh nó aon drochíde mídhaonna nó táireach ná pionós mídhaonna nó táireach.

(14) Toisc go bhfuil Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa an 28 Eanáir 1981 chun daoine aonair a chosaint maidir le huathphróiseáil sonraí pearsanta daingnithe ag na Ballstáit uile, gur chóir na sonraí pearsanta arna bpróiseáil mar chuid de chur chun feidhme an Treoirchinnidh seo a chosaint i gcomhréir le prionsabail an Choinbhinsiúin a dúradh,

TAR ÉIS AN TREOIRCHINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 1

An barántas gabhála Eorpach a shainiú agus an oibleagáid é a fhorghníomhú

1. Breith bhreithiúnach arna heisiúint ag Ballstát ar mhaithe le Ballstát eile duine iarrtha a ghabháil agus a ghéilleadh d'fhonn ionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála a fhorghníomhú is ea an barántas gabhála Eorpach.

2. Déanann na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn an phrionsabail maidir le haitheantas frithpháirteach agus i gcomhréir le forálacha an Treoirchinnidh seo.

3. Ní bheidh d'éifeacht leis an Treoirchinneadh seo an oibleagáid a mhodhnú maidir le cearta bunúsacha agus prionsabail dlí bunúsacha a urramú mar atá arna leagan amach in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Airteagal 2

An raon feidhme atá ag an mbarántas gabhála Eorpach

1. Féadfar barántas gabhála Eorpach a eisiúint i leith gníomhartha is inphionóis faoin dlí sa Bhallstát eisitheach le pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála go feadh uastréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad nó, má tá an phianbhreith tugtha nó an t-ordú coinneála déanta, i leith pianbhreitheanna go feadh ceithre mhí ar a laghad.

([1]) IO C 364, 18.12.2000, lch. 1.

2. Na cionta seo a leanas, má tá siad inphionóis sa Bhallstát eisitheach le pianbhreith faoi choimeád go feadh trí bliana ar a laghad agus de réir mar atá siad sainithe sa dlí sa Bhallstát eisitheach, beidh siad, faoi théarmaí an Treoirchinnidh seo agus gan coiriúlacht dhúbailte an ghnímh a fhíorú, ina siocair le géilleadh de bhun barántas gabhála Eorpach:

— rannpháirteachas in eagraíocht choiriúil,

— sceimhlitheoireacht,

— ceannaíocht i ndaoine,

— dúshaothrú gnéasach leanaí agus an phornagrafaíocht maidir le leanaí,

— gáinneáil aindleathach i ndrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha,

— gáinneáil aindleathach in airm, lón cogaidh agus pléascáin,

— éilliú,

— calaois, lena n-áirítear an chalaois a fhearann ar leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach de réir bhrí Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhbhobal Eorpach a chosaint,

— fáltais na coiriúlachta a sciúradh,

— airgeadra, lena n-áirítear an euro, a ghóchumadh,

— an choiriúlacht atá bainteach le ríomhaireacht,

— coiriúlacht na timpeallachta, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach i speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus i speicis phlandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt,

— iontráil agus cónaí neamhúdaraithe a éascú,

— dúnmharú, mórdhíobháil choirp,

— trádáil aindleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine,

— fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil agus gabháil giall,

— ciníochas agus seineafóibe,

— robáil eagraithe nó armtha,

— gáinneáil aindleathach in earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne,

— caimiléireacht,

— cambheartaíocht agus sracaireacht,

— góchumadh agus píoráideacht táirgí,

— doiciméid riarthacha a bhrionnú agus cambheartaíocht iontu,

— cóir íocaíochta a bhrionnú,

— gáinneáil aindleathach i substaintí hormónacha agus tionscnóirí fáis eile,

— gáinneáil aindleathach in ábhair núicléacha nó radaighníomhacha,

— gáinneáil i mótarfheithiclí goidte,

— éigniú,

— coirloscadh,

— coireanna laistigh de dhlínse an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta,

— urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/árthaí,

— sabaitéireacht.

3. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh tráth ar bith, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 39(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, catagóirí eile ciona a chur leis an liosta atá i mír 2 den Airteagal seo. Scrúdóidh an Chomhairle, i bhfianaise na tuarascála arna cur faoina bráid ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 34(3), ar chóir an liosta a mhéadú nó a leasú.

4. Maidir le cionta seachas na cinn atá folaithe i mír 2, féadfaidh an géilleadh a bheith faoi réir an choinníll gur cion iad faoin dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach na gníomhartha a bhfuil an barántas gabhála Eorpach eisithe ina leith, is cuma cad iad na heilimintí is comhábhar dóibh nó cad é mar atá siad tuairiscithe.

Airteagal 3

Forais le neamhfhorghníomhú sainordaitheach den bharántas gabhála Eorpach

Diúltóidh an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát forghníomhaitheach (dá ngairtear 'údarás breithiúnach forghníomhaitheach' anseo feasta) an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú sna cásanna seo a leanas:

1. má tá an cion ar a bhfuil an barántas bunaithe faoi chlúdach ollmhaithiúnais sa Bhallstát forghníomhaitheach nuair atá dlínse ag an Stát sin an cion a ionchúiseamh faoina dhlí coiriúil féin;

2. má chuirtear in iúl don údarás breithiúnach forghníomhaitheach go bhfuil breith chríochnaitheach tugtha ar an duine iarrtha ag Ballstát mar gheall ar na gníomhartha céanna ar chuntar, má cuireadh pianbhreith air, go bhfuil an phianbhreith seirbheáilte nó go bhfuil sí á seirbheáil faoi láthair nó nach féidir é a fhorghníomhú a thuilleadh faoin dlí sa Bhallstát inar cuireadh an phianbhreith air;

3. mura féidir mar gheall ar a aois an fhreagracht choiriúil as na gníomhartha ar a bhfuil an barántas gabhála Eorpach bunaithe faoin dlí sa Stát forghníomhaitheach a chur ar an duine is ábhar don bharántas.

Airteagal 4

Forais le neamhfhorghníomhú roghnach an bharántais ghabhála Eorpaigh

Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú:

1. más rud é, in aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 2(4), nach cion é faoin dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach an gníomh ar a bhfuil an barántas gabhála Eorpach bunaithe; ar a shon sin, i ndáil le cánacha nó dleachtanna, custam agus malairt ní fhéadfar an barántas gabhála Eorpach a dhiúltú ar an bhforas nach bhforchuireann an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach an cineál céanna cánacha nó dleachtanna nó nach bhfuil sa dlí sin an saghas céanna rialacha maidir le cáin, dleacht agus rialacháin chustaim agus malairte leis an dlí sa Bhallstát eisitheach;

2. má tá an duine is ábhar don bharántas gabhála Eorpach arna ionchúiseamh sa Bhallstát forghníomhaitheach as an ngníomh céanna agus an gníomh ar a bhfuil an barántas gabhála Eorpach bunaithe;

3. má tá na húdaráis bhreithiúnacha sa Bhallstát forghníomhaitheach tar éis a chinneadh nach ndéanfar an duine a ionchúiseamh as an ngníomh ar a bhfuil an barántas gabhála Eorpach bunaithe nó deireadh a chur leis an himeachtaí, nó má tá breithiúnas críochnaitheach tugtha i gcoinne an duine iarrtha i mBallstát mar gheall ar na gníomhartha céanna, a chuireann cosc le tuilleadh imeachtaí;

4. má tá an t-ionchúiseamh coiriúil nó pionósú an duine iarrtha faoi urchosc reachta de réir an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach agus má thagann na gníomhartha faoi dhlínse an Bhallstáit sin faoina dhlí coiriúil féin;

5. má chuirtear an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ar an eolas go bhfuil breith chríochnaitheach tugtha ar an duine iarrtha i dtríú Stát mar gheall ar na gníomhartha céanna ar chuntar, má cuireadh pianbhreith air, go bhfuil an phianbhreith seirbheáilte aige nó go bhfuil sí á seirbheáil faoi láthair aige nó nach féidir é a fhorghníomhú a thuilleadh faoin dlí sa tír inar cuireadh an phianbhreith air;

6. má tá an barántas gabhála Eorpach eisithe d'fhonn pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála a fhorghníomhú nuair atá an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach nó nuair is náisiúnach nó cónaitheoir sa Bhallstát forghníomhaitheach an duine agus go ngabhann an Stát sin ar láimh an phianbhreith nó an t-ordú coinneála sin a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí inmheánach;

7. nuair a bhainean an barántas gabhála Eorpach le cionta:

   (a) a meastar faoi dhlí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh go ndearnadh iad go hiomlán nó go páirteach ar chríoch an Bhallstáit fhorghníomhaithigh nó in ionad a roinntear leis amhlaidh; nó

   (b) a rinneadh lasmuigh de chríoch an Bhallstáit eisithigh agus nach gceadaíonn an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach an t-ionchúiseamh mar gheall ar na cionta céanna nuair a rinneadh lasmuigh dá chríoch iad.

Airteagal 5

Ráthaíochtaí atá le tabhairt ag an mBallstát eisitheach i gcásanna ar leith

Féadfaidh an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chur, de réir an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

1. nuair atá an barántas gabhála Eorpach eisithe ar mhaithe le pianbhreith nó ordú coinneála arna bhforchur trí bhreith arna tabhairt *in absentia* a fhorghníomhú, is é sin le rá go raibh an duine i dtrácht as láthair toisc nach raibh toghairm faighte aici/aige go pearsanta nó nach raibh dáta agus ionad na héisteachta ba shiocair leis an mbreith a bheith á tabhairt *in absentia* curtha in iúl di/dó ar aon dóigh eile, féadfaidh an géilleadh a bheith faoi réir an choinníll go dtugann an t-údarás breithiúnach eisitheach ráthaíocht a mheastar a bheith leormhaith chun a ráthú don duine is ábhar don bharántas gabhála Eorpach go mbeidh deis aici/aige atriail an cháis a lorg sa Bhallstát eisitheach agus bheith i láthair don bhreithiúnas;

2. má tá an cion a bhfuil an barántas gabhála Eorpach eisithe ar a bhonn inphionóis le pianbhreith saoil faoi choimeád nó ordú coinneála fad saoil, féadfaidh forghníomhú an bharántais sin a chur faoi réir an choinníll go bhfuil forálacha ag an mBallstát eisitheach ina chóras dlí chun an pionós nó beart arna fhorchur a léirmheas — arna iarraidh sin nó faoi cheann 20 bliain ar a laghad — nó chun bearta trócaire a bhfuil an duine ina dteideal faoin dlí nó cleachtas sa Bhallstát eisitheach a chur i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh pionós nó beart den sórt sin a neamhfhorghníomhú;

3. más náisiúnach den Bhallstát forghníomhaitheach nó cónaitheoir ann an duine is ábhar don bharántas gabhála Eorpach ar mhaithe le hionchúiseamh, féadfaidh an géilleadh a bheith faoi réir an choinníll go gcuirtear an duine, tar éis éisteacht a fháil, ar ais chuig an mBallstát forghníomhaitheach chun an phianbhreith faoi choimeád nó an t-ordú coinneála arna fhorchur air sa Bhallstát eisitheach a sheirbhéail ansin.

Airteagal 6

Na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a chinneadh

1. Is é an t-údarás breithiúnach eisitheach an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát eisitheach atá inniúil an barántas gabhála Eorpach a eisiúint de bhua an dlí sa Stát sin.

2. Is é an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát forghníomhaitheach atá inniúil an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú de bhua an dlí sa Stát sin.

3. Cuirfidh gach Ballstát Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoin údarás breithiúnach inniúil faoina dhlí.

Airteagal 7

Dul i muinín an údaráis láir

1. Féadfaidh gach Ballstát údarás láir a ainmniú nó, má fhoráiltear a leithéid ina chóras dlí, níos mó ná údarás láir amháin chun cuidiú leis na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

2. Féadfaidh Ballstát, más gá de dheasca eagrúchán a chóras breithiúnach inmheánach, a údará(i)s láir a dhéanamh freagrach as barántais ghabhála Eorpacha a tharchur agus a ghlacadh go riarthach agus as comhfhreagras oifigiúil eile a bhaineann leo.

Ballstát ar mian leis na caíonna dá dtagraítear san Airteagal seo a úsáid, páirteoidh sé faisnéis i ndáil leis an údarás láir nó leis na húdaráis láir arna n-ainmniú le hArdrúnaíocht na Comhairle. Beidh na sonraí sin ina gceangal ar na húdaráis uile sa Bhallstát eisitheach.

Airteagal 8

Inneachar agus foirm an bharántais ghabhála Eorpaigh

1. Beidh sa bharántas gabhála Eorpach an fhaisnéis seo a leanas arna leagan amach i gcomhréir leis an bhfoirm atá san Iarscríbhinn maidir le:

(a) céannacht agus náisiúntacht an duine iarrtha;

(b) ainm, seoladh, uimhreacha teileafóin agus facs agus seoladh ríomhphoist an údaráis bhreithiúnaigh eisithigh;

(c) fianaise go bhfuil breithiúnais infhorghníomhaithe, barántas gabhála nó aon bhreith bhreithiúnach infhorghníomhaithe eile leis an éifeacht chéanna ann, a thagann faoi raon feidhme Airtegail 1 agus 2, ann;

(d) cineál agus rangú dlí an chiona, go háirithe i dtaca le hAirteagal 2;

(e) tuairisc ar na himthosca ina ndearnadh an cion, lena n-áirítear an t-am, an t-ionad agus méid an rannpháirteachais ag an duine iarrtha sa chion arna líomhaint;

(f) an pionós arna fhorchur, má tá breithiúnas críochnaitheach ann, nó scála na bpionós arna fhorordú don chion faoin dlí sa Bhallstát eisitheach;

(g) más féidir, iarmhairtí eile an chiona.

2. Ní mór an barántas gabhála Eorpach a aistriú go teanga oifigiúil nó go ceann de na teangacha oifigiúla den Bhallstát forghníomhaitheach. Féadfaidh aon Bhallstát, agus an Treoirchinneadh seo á ghlacadh aige nó tráth níos déanaí, sonrú i ndearbhú arna thaisceadh in Ardrúnaíocht na Comhairle go nglacfaidh sé le haistriúchán i dteanga amháin nó níos mó de na teangacha oifigiúla d'Institiúidí na gComhphobal Eorpach.

CAIBIDIL 2

NÓS IMEACHTA UM GHÉILLEADH

Airteagal 9

Barántas gabhála Eorpach a tharchur

1. Nuair is eol cá bhfuil an duine iarrtha, féadfaidh an t-údarás breithiúnach eisitheach an barántas gabhála Eorpach a tharchur go díreach chuig an údarás breithiúnach forghníomhaitheach.

2. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach eisitheach ar aon chuma a chinneadh foláireamh faoin duine iarrtha a chur in Córas Faisnéise Schengen (CFS).

3. Déanfar foláireamh den sórt sin i gcomhréir le forálacha Airteagal 95 de Choinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 a chuireann chun feidhme Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a dteorainneacha coiteanna a dhíothú de réir a chéile. Tá foláireamh in Córas Faisnéise Schengen coibhéiseach le barántas gabhála Eorpach in éineacht leis an bhfaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 8(1).

Go ceann idirthréimhse, go dtí go dtig leis an CFS an fhaisnéis uile atá luaite in Airteagal 8 a tharchur, beidh an foláireamh coibhéiseach le barántas gabhála Eorpach fad atá an t-údarás breithiúnach forghníomhaithe ag fanacht le teacht an téacs bunaidh i bhfoirm chuí cheart.

Airteagal 10

Nós imeachta mionsonraithe maidir le barántas gabhála Eorpach a tharchur

1. Murab eol don údarás breithiúnach eisitheach an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach inniúil, déanfaidh sé na fiosrúcháin is gá, lena n-áirítear trí na pointí tadhaill sa Líonra Breithiúnach Eorpach ([1]), d'fhonn an fhaisnéis sin a fháil ón mBallstát forghníomhaitheach.

2. Más toil leis an údarás breithiúnach eisitheach, féadfar an tarchur a dhéanamh tríd an gcóras teileachumarsáide sábháilte den Líonra Breithiúnach Eorpach.

([1]) Gníomh comhpháirteach 98/428/CGB an 29 Meitheamh 1998 ón gComhairle maidir le Líonra Breithiúnach Eorpach a chur ar bun (IO L 191, 7.7.1998, lch. 4).

3. Mura féidir dul in iontaoibh seirbhísí CFS, féadfaidh an t-údarás breithiúnach eisitheach dul in iontaoibh Interpol chun barántas gabhála Eorpach a tharchur.

4. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach eisitheach an barántas gabhála Eorpach a dhíriú trí aon mheán sábháilte atá ábalta taifid i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha a cheadaíonn don Bhallstát forghníomhaitheach a bharántúlacht a bhunú.

5. Gach deacracht a bhaineann le tarchur nó barántúlacht aon doiciméid atá riachtanach chun barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, roinnfear leis an deacracht sin trí thadhaill dhíreacha idir na húdaráis bhreithiúnacha i dtreis, nó, más iomchuí, le rannpháirteachas na n-údarás láir sna Ballstáit.

6. Mura bhfuil an t-údarás a fhaigheann an barántas gabhála Eorpach inniúil chun gníomhú ina leith, díreoidh sé go uathoibríoch an barántas gabhála Eorpach chuig an údarás inniúil ina Bhallstát agus cuirfidh sé an t-údarás breithiúnach eisitheach ar an eolas dá réir.

Airteagal 11

Na cearta atá ag duine iarrtha

1. Nuair a ghabhtar duine iarrtha, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach inniúil, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, an duine sin ar an eolas faoin mbarántas gabhála Eorpach agus faoina inneachar, agus freisin faoin gcaoi atá ann toiliú géilleadh don údarás breithiúnach eisitheach.

2. Duine iarrtha a ghabhtar d'fhonn barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, beidh an ceart aige cuidiú a fháil ó dhlíodóir agus ó theangaire i gcomhréir leis an dlí náisiúnta sa Bhallstát forghníomhaitheach.

Airteagal 12

An duine a choimeád faoi choinneáil

Nuair a ghabhtar duine ar bhonn an bharántais ghabhála Eorpaigh, glacfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach breith faoinar chóir don duine iarrtha fanacht faoi choinneáil, i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach. Féadfar an duine a scaoileadh saor go sealadach tráth ar bith ar cothrom leis an dlí inmheánach sa Bhallstát forghníomhaitheach, ar chuntar go nglacann an t-údarás inniúil sa Bhallstát a dúradh na bearta uile a mheasann sé is gá chun a chinntiú nach n-éalóidh an duine.

Airteagal 13

Toiliú don ghéilleadh

1. Má chuireann an duine gafa i bhfios go dtoilíonn sé don ghéilleadh, tabharfar an toiliú sin agus, más iomchuí, tréigean sainráite dá theideal do riail na speisialtachta, dá dtagraítear in Airteagal 27(2), os comhair an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh, i gcomhréir leis an dlí inmheánach sa Bhallstát forghníomhaitheach.

2. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar an toiliú agus, más iomchuí, an tréigean, dá dtagraítear i mír 1, a bhunú ionas gur léir gur chuir an duine i dtrácht in iúl iad go deonach agus láneolas aige ar na hiarmhairtí. Chuige sin, beidh an ceart ag an duine iarrtha do dhlíodóir.

3. Déanfar an toiliú agus, más iomchuí, an tréigean, dá dtagraítear i mír 1, a thaifeadadh go foirmiúil i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa dlí inmheánach sa Bhallstát forghníomhaitheach.

4. I bprionsabal, ní féidir an toiliú a chúlghairm. Féadfaidh gach Ballstát a shocrú go bhféadfar an toiliú agus, más iomchuí, an tréigean a chúlghairm, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoina dhlí inmheánach. Sa chás sin, ní chuirfear an tréimhse idir an dáta a tugadh an toiliú agus an dáta a rinneadh an chúlghairm san áireamh agus an teorainn ama atá leagtha síos in Airteagal 17 á bunú. Ballstát ar mian leis an chaoi sin a úsáid, cuirfidh sé Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas dá réir nuair a ghlactar an Treoirchinneadh seo agus sonróidh sé na nósanna imeachta trínar féidir an toiliú a chúlghairm agus aon leasú orthu.

Airteagal 14

An duine iarrtha a éisteacht

Nuair nach dtoilíonn an duine gafa don ghéilleadh dá dtagraítear in Airteagal 13, beidh an duine sin i dteideal éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach.

Airteagal 15

Breith maidir leis an ngéilleadh

1. Cinnfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, laistigh de na teorainneacha ama agus faoi na coinníollacha atá sainithe sa Treoirchinneadh seo, an bhfuil an duine le géilleadh.

2. Má fhaigheann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach nach leor an fhaisnéis arna páirtiú ag an mBallstát eisitheach chun go dtig leis cinneadh maidir leis an ngéilleadh, iarrfaidh sé go dtugtar go dlúsúil an fhaisnéis sa bhreis is gá i dtaca le hAirteagail 3 go 5 agus Airteagal 8 go háirithe, agus féadfaidh sé teorainn ama a shocrú chun an fhaisnéis sin a fháil, agus aird á tabhairt aige ar a riachtanaí atá sé na teorainneacha ama atá leagtha síos in Airteagal 17 a urramú.

3. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach eisitheach tráth ar bith aon fhaisnéis fhóinteach sa bhreis a dhíriú chuig an údarás breithiúnach forghníomhaitheach.

Airteagal 16

Breith má tá iarrataí iomadúla ann

1. Má tá barántais ghabhála Eorpacha eisithe ag dá Bhallstát nó níos mó i leith an duine chéanna, is é an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a ghlacfaidh an bhreith faoi cé acu de na barántais ghabhála Eorpacha atá le forghníomhú agus aird chuí aige ar na himthosca uile agus go háirithe tromchúis choibhneasta agus ionad na gcionta, dátaí na mbarántas gabhála Eorpach faoi seach agus má tharlaíonn go bhfuil an barántas eisithe ar mhaithe le pianbhreith nó ordú faoi choimeád nó ordú coinneála a thabhairt ar aghaidh nó a fhorghníomhú.

2. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach comhairle a iarraidh ar Eurojust [1] agus an rogha dá dtagraítear i mír 1 á déanamh aige.

3. Má tá coimhlint idir barántas gabhála Eorpach agus iarraidh ar eiseachadadh arna tíolacadh ag tríú Stát, is é an t-údarás inniúil sa Bhallstát forghníomhaitheach a ghlacfaidh an bhreith faoi cé acu an ag an mbarántas gabhála Eorpach nó ag an iarraidh ar eiseachadadh atá an tosaíocht agus aird chuí aige ar na himthosca uile, go háirithe na himthosca dá dtagraítear i mír 1 agus iadsan atá luaite sa choinbhinsiún nó comhaontú is infheidhme.

4. Beidh an fhoráil seo gan dochar do na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit faoi Reacht an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

Airteagal 17

Teorainneacha ama agus nósanna imeachta maidir leis an mbreith an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú

1. Déileálfar le barántas gabhála Eorpach agus déanfar é a fhorghníomhú go dlúsúil.

2. Sna cásanna ina dtoilíonn an duine iarrtha don ghéilleadh, ba chóir an bhreith chríochnaitheach maidir le forghníomhú an bharántais ghabhála Eorpaigh a ghlacadh faoi cheann 10 lá tar éis an toiliú a thabhairt.

3. I gcásanna eile, glacfar an bhreith chríochnaitheach maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú faoi cheann thréimhse 60 lá tar éis an duine iarrtha a ghabháil.

4. Nuair nach féidir i gcásanna sonracha an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú faoi cheann na dteorainneacha ama atá leagtha síos i mír 2 nó 3, cuirfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an t-údarás breithiúnach eisitheach ar an eolas láithreach agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis an moill. Sa chás sin, féadfar na teorainneacha ama a shíneadh 30 lá sa bhreis.

5. Fad nach bhfuil breith chríochnaitheach glactha ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, déanfaidh sé a áirithiú go bhfuil na coinníollacha ábhartha is gá i dtaca le géilleadh an duine iarbhír arna gcomhall fós.

6. Ní mór cúiseanna a thabhairt i dtaca le haon diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú.

7. Mura dtig le Ballstát in imthosca eisceachtúla na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Airteagal seo a urramú, cuirfidh sé Eurojust ar an eolas agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis an moill. Ina theannta sin, cuirfidh Ballstát a bhfuil taithí aige ar mhoilleanna ag Ballstát eile i dtaca le barántais ghabhála Eorpacha a fhorghníomhú an Chomhairle ar an eolas ar mhaithe le cur chun feidhme an Treoirchinnidh seo ag leibhéal an Bhallstáit a mheas.

Airteagal 18

An cor fad atá an bhreith ar feitheamh

1. Má tá an barántas gabhála Eorpach eisithe ar mhaithe le hionchúiseamh coiriúil a sheoladh, caithfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach:

(a) comhaontú gur chóir éisteacht a thabhairt don duine iarrtha de réir Airteagal 19;

(b) nó comhaontú an duine iarrtha a aistriú go sealadach.

2. Déanfar na coinníollacha agus fad an aistrithe shealadaigh a chomhaontú de thoil a chéile idir an t-údarás breithiúnach eisitheach agus an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach.

3. Má dhéantar duine a aistriú go sealadach, ní mór go dtig leis an duine sin filleadh ar an mBallstát forghníomhaitheach chun freastal ar éisteachtaí a bhaineann leis/léi mar chuid den nós imeachta um ghéilleadh.

Airteagal 19

Éisteacht a thabhairt don duine fad atá an bhreith ar feitheamh

1. Tabharfaidh údarás breithiúnach éisteacht don duine iarrtha; beidh de chuidiú ag an údarás aon duine eile arna ainmniú i gcomhréir leis an dlí i mBallstát na cúirte iarrthaí.

[1] Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 ag cur Eurojust ar bun ar mhaithe leis an gcomhrac in aghaidh na coiriúlachta tromchúisí a athneartú (IO L 63, 6.3.2002, lch. 1).

2. Tabharfar éisteacht don duine iarrtha i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát forghníomhaitheach agus faoi na coinníollacha arna gcinneadh de thoil a chéile idir an t-údarás breithiúnach eisitheach agus an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach.

3. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach inniúil a chur de chúram ar údarás breithiúnach eile sa Bhallstát páirt a ghlacadh in éisteacht an duine iarrtha d'fhonn cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo agus na gcoinníollacha atá leagtha síos a áirithiú.

Airteagal 20

Pribhléidí agus díolúintí

1. Má tá pribhléid nó díolúine maidir le dlínse nó forghníomhú ag an duine iarrtha sa Bhallstát forghníomhaitheach, ní chuirfear tús leis na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 17 ach amháin má chuirtear agus ón lá a chuirtear an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ar an eolas go bhfuil an phribhléid nó an díolúine tarscaoilte.

Más rud é nach bhfuil pribhléid ná díolúine den sórt sin ag an duine níos mó, déanfaidh an Ballstát forghníomhaitheach a áirithiú go bhfuil na coinníollacha ábhartha is gá maidir leis an ngéilleadh iarbhír arna gcomhall.

2. Má tá an chumhacht ag údarás sa Bhallstát forghníomhaitheach an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is é an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a iarrfaidh air an chumhacht sin a fheidhmiú láithreach. Má tá an chumhacht ag údarás i mBallstát eile nó ag eagraíocht idirnáisiúnta an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is é an t-údarás breithiúnach eisitheach a iarrfaidh air an chumhacht sin a fheidhmiú.

Airteagal 21

Oibleagáidí idirnáisiúnta iomaíocha

Beidh an Treoirchinneadh seo gan dochar do na hoibleagáidí atá ag an mBallstát forghníomhaitheach má tá an duine iarrtha eiseachadta chuig an mBallstát sin ó thríú Stát, agus má tá cosaint ag an duine sin ag forálacha an tsocraithe faoinar eiseachadadh é a bhaineann le speisialtacht. Glacfaidh an Ballstát forghníomhaitheach gach beart is gá chun toiliú a iarraidh láithreach ón Stát ónar eiseachadadh an duine iarrtha chun gur féidir an duine a ghéilleadh don Bhallstát eisitheach. Ní chuirfear tús leis na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 17 go dtí an lá a scoirfidh rialacha sin na speisialtachta de bheith infheidhme. Fad atá an bhreith ón Stát ónar eiseachadadh an duine iarrtha ar feitheamh, déanfaidh an Ballstát forghníomhaitheach a áirithiú go bhfuil na coinníollacha ábhartha is gá maidir leis an ngéilleadh iarbhír arna gcomhall fós.

Airteagal 22

An bhreith a chur in iúl

Cuirfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach in iúl láithreach don údarás breithiúnach eisitheach faoin mbreith maidir leis an ngníomh atá le glacadh i dtaca leis an mbarántas gabhála Eorpach.

Airteagal 23

Teorainneacha ama chun an duine a ghéilleadh

1. Déanfar an duine iarrtha a ghéilleadh a luaithe is féidir ar dháta arna chomhaontú idir na húdaráis i dtrácht.

2. Déanfar an duine a ghéilleadh tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an bhreith maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú.

3. Má chuireann imthosca nach bhfuil neart ag aon cheann de na Ballstáit i dtrácht orthu cosc leis an duine iarrtha a ghéilleadh laistigh den tréimhse atá leagtha síos i mír 2, déanfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach agus an t-údarás breithiúnach eisitheach tadhall le chéile láithreach agus dáta nua don ghéilleadh a chomhaontú. Sa chás sin, déanfar an géilleadh laistigh de 10 lá ón dáta nua arna chomhaontú amhlaidh.

4. Féadfar go heisceachtúil an géilleadh a chur ar athló go sealadach ar chúiseanna daonnúla tromchúiseacha, mar shampla, má tá forais shubstainteacha ann lena chreidiúint go gcuirfeadh sé beatha nó sláinte an duine iarrtha i mbaol go follasach. Déanfar an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a luaithe atá deireadh leis na forais sin. Cuirfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an t-údarás breithiúnach eisitheach ar an eolas láithreach agus comhaontóidh siad ar dháta nua don ghéilleadh. Sa chás sin, déanfar an géilleadh laistigh de 10 lá ón dáta nua arna chomhaontú amhlaidh.

5. Ar na teorainneacha ama sin dá dtagraítear i míreanna 2 go 4 a dhul in éag, má tá an duine fós faoi choimeád scaoilfear saor é.

Airteagal 24

Géilleadh atá curtha ar athló nó atá coinníollach

1. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, tar éis cinneadh an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, géilleadh an duine iarrtha a chur ar athló ionas gur féidir an duine a ionchúiseamh sa Bhallstát forghníomhaitheach nó, má tá pianbhreith tugtha cheana ina leith, ionas gur féidir leis an duine pianbhreith arna tabhairt mar gheall ar ghníomh seachas an ceann dá dtagraítear sa bharántas gabhála Eorpach a sheirbheáil ar a chríoch.

2. In ionad an géilleadh a chur ar athló, féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an duine iarrtha a

ghéilleadh go sealadach don Bhallstát eisitheach faoi choinníollacha atá le cinneadh de thoil a chéile idir an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach agus an t-údarás breithiúnach eisitheach. Déanfar an comhaontú i scríbhinn agus beidh na coinníollacha ina gceangal ar na húdáráis uile sa Bhallsát eisitheach.

Airteagal 25

Idirthuras

1. Déanfaidh gach Ballstát, ach amháin má úsáideann sé an chaoi idirthuras a dhiúltú nuair a iarrtar idirthuras náisiúnach nó cónaitheoir ar mhaithe le pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála a fhorghníomhú, idirthuras duine iarrtha atá á ghéilleadh a cheadú trína chríoch ar chuntar go bhfuil faisnéis tugtha dó mar gheall ar:

(a) céannacht agus náisiúntacht an duine is ábhar don bharántas gabhála Eorpach;

(b) barantás gabhála Eorpach a bheith ann;

(c) cineál agus rangú dlí an chiona;

(d) tuairisc ar na himthosca ina ndearnadh an cion, lena n-áirítear an t-am agus an t-ionad.

Más náisiúnach de Bhallstát an idirthurais nó más cónaitheoir ann é an duine is ábhar don bharántas gabhála Eorpach ar mhaithe le hionchúiseamh, féadfar an t-idirthuras a bheith faoi réir an choinníll go gcuirtear an duine ar ais, tar éis éisteacht a thabhairt dó, chuig Ballstát an idirthurais chun an phianbhreith faoi choimeád nó an t-ordú coinneála a rinneadh ina leith sa Bhallstát eisitheach a sheirbheáil.

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás chun bheith freagrach as iarrataí um idirthuras agus na doiciméid riachtanacha a ghlacadh, chomh maith le haon chomhfhreagras oifigiúil eile a bhaineann le hiarrataí um idirthuras. Páirteoidh na Ballstáit an t-ainmniúchán sin le hArdrúnaíocht na Comhairle.

3. Féadfar an iarraidh um idirthuras agus an fhaisnéis atá leagtha amach i mír 1 a chur chuig an údarás arna ainmniú de bhun mhír 2 trí aon mheán atá ábalta taifeadadh i scríbhinn a sholáthar. Cuirfidh Ballstát an idirthurais a bhreith in iúl tríd an nós imeachta céanna.

4. Níl an Treoirchinneadh seo infheidhme ar aeriompar nuair nach bhfuil stad sceidealta ann. Ar a shon sin, má tharlaíonn tuirlingt neamhsceidealta, cuirfidh an Ballstát eisitheach an fhaisnéis dá bhforáiltear i mír 1 ar fáil don údarás arna ainmniú de bhun mhír 2.

5. Nuair a bhaineann idirthuras le duine atá le heiseachadadh ó thríú Stát chuig Ballstát beidh an tAirteagal seo infheidhme *mutatis mutandis*. Measfar ach go háirithe go ngabhann an frása 'iarraidh ar eiseachadadh' ionad an fhrása 'barántas gabhála Eorpach'.

CAIBIDIL 3

NA HÉIFEACHTAÍ A LEANANN ÓN NGÉILLEADH

Airteagal 26

Tréimhse na coinneála arna seirbheáil sa Stát forghníomhaitheach a asbhaint

1. Déanfaidh an Ballstát eisitheach gach tréimhse coinneála a eascraíonn ó fhorghníomhú an bharántais ghabhála Eorpaigh a asbhaint ón tréimhse iomlán coinneála atá le seirbheáil sa Stát eisitheach mar thoradh ar an bpianbhreith faoi choimeád nó an ordú coinneála a bheith tugtha.

2. Chuige sin, déanfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach nó an t-údarás láir arna ainmniú faoi Airteagal 7 gach faisnéis maidir le fad na coinneála ag an duine iarrtha ar bhonn an bharántais ghabhála Eorpaigh a tharchur chuig an údarás breithiúnach eisitheach tráth an ghéillte.

Airteagal 27

Ionchúiseamh is féidir bheith ann mar gheall ar chionta eile

1. Féadfaidh gach Ballstát a chur in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil sé toimhdithe, ina chaidreamh le Ballstáit eile a bhfuil an fógra céanna tugtha acu, go bhfuil an toiliú tugtha maidir leis an ionchúiseamh, pianbhreith nó coinneáil ar mhaithe le pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála a chur i gcrích mar gheall ar chion arna dhéanamh roimh an ngéilleadh seachas an cion ar géilleadh an duine mar gheall air, ach amháin i gcás ar leith go sonraíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mhalairt ina bhreith maidir leis an ngéilleadh.

2. Ach amháin sa chás dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, ní fhéadfar duine arna ghéilleadh a ionchúiseamh, pianbhreith a chur air/uirthi ná a s(h)aoirse a bhaint de/di ar aon dóigh eile mar gheall ar chion arna dhéanamh roimh an ngéilleadh seachas an cion ar géilleadh an duine mar gheall air.

3. Níl mir 2 infheidhme sna cásanna seo a leanas:

(a) má bhí deis ag an duine críoch an Bhallstáit ar géilleadh é chuige a fhágáil agus nár thapaigh sé/sí an deis laistigh de 45 lá ón lá ar scaoileadh saor é/í go críochnaitheach, nó gur fhill an duine ar an gcríoch tar éis é a fhágáil;

(b) níl an cion inphionóis le pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála;

(c) níl na himeachtaí coiriúla ina siocair le beart a chur i bhfeidhm a shrianann an tsaoirse phearsanta;

(d) nuair a d'fhéadfadh pionós nó beart nach bhfuil cailleadh saoirse i dtreis ann, lena n-áirítear pionós airgeadais nó beart ina ionad sin, a bheith de dhliteanas ar an duine, go fiú más dóigh go srianann an pionós nó an beart sin saoirse phearsanta an duine;

(e) má tá an duine tar éis toiliú lena g(h)éilleadh, nuair is iomchuí ar aon uain le riail na speisialtachta a thréigean, i gcomhréir le hAirteagal 13;

(f) má dhéanann an duine, tar éis a g(h)éillte, a t(h)eideal do riail na speisialtachta a thréigean go sainráite i dtaca le cionta sonracha roimh an ngéilleadh. Ní mór an tréigean a dhéanamh os comhair na n-údarás breithiúnach inniúil sa Bhallstát eisitheach agus déanfar é a thaifeadadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta sa Stát sin. Bunófar an tréigean ionas go dtaispeántar go bhfuil sé déanta go deonach ag an duine agus é ar an láneolas faoin na hiarmhairtí. Chuige sin, beidh an ceart ag an duine iarrtha do dhlíodóir;

(g) nuair a thugann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a ghéilleann an duine a thoiliú i gcomhréir le mír 4.

4. Cuirfear iarrraidh ar thoiliú faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh, lena n-áirítear an fhaisnéis atá luaite in Airteagal 8(1) agus aistriúchán dá dtagraítear in Airteagal 8(2). Tabharfar an toiliú nuair atá an cion a ndéantar an iarraidh mar gheall air ina ábhar do ghéilleadh i gcomhréir le forálacha an Treoirchinnidh seo. Diúltófar an toiliú ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 3 ach lasmuigh de sin ní fhéadfar é a dhiúltú ach amháin ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 4. Glacfar an bhreith tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an iarraidh a fháil.

Maidir leis na cora atá luaite in Airteagal 5, ní mór don Stát eisitheach na ráthaíochtaí céanna dá bhforáiltear ann a thabhairt.

Airteagal 28

Géilleadh nó eiseachadadh iardain

1. Féadfaidh gach Ballstát a chur in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil sé toimhdithe, ina chaidreamh le Ballstáit eile a bhfuil an fógra céanna tugtha acu, go bhfuil an toiliú tugtha maidir le duine a ghéilleadh do Bhallstát eile seachas an Ballstát forghníomhaitheach de bhun barántas gabhála Eorpach arna eisiúint mar gheall ar chion arna dhéanamh roimh an ngéilleadh seachas an cion ar géilleadh an duine mar gheall air, ach amháin i gcás ar leith go sonraíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mhalairt ina bhreith maidir leis an ngéilleadh.

2. Ar aon chuma, féadfar an duine atá géillte don Bhallstát eisitheach de bhun barántas gabhála Eorpach, gan toiliú ón mBallstát forghníomhaitheach, a ghéilleadh do Bhallstát eile seachas an Ballstát forghníomhaitheach de bhun barántas gabhála Eorpach arna eisiúint mar gheall ar aon chion arna dhéanamh roimh an ngéilleadh sna cásanna seo a leanas:

(a) má bhí deis ag an duine críoch an Bhallstáit ar géilleadh é/í chuige a fhágáil agus nár thapaigh sé/sí an deis laistigh de 45 lá ón lá ar scaoileadh saor é/í go críochnaitheach, nó gur fhill an duine ar an gcríoch tar éis é a fhágáil;

(b) nuair a thoilíonn an duine iarrtha lena ghéilleadh do Bhallstát seachas an Ballstát forghníomhaitheach de bhun barántas gabhála Eorpach. Ní mór an toiliú a thabhairt os comhair na n-údarás breithiúnach inniúil sa Bhallstát eisitheach agus déanfar é a thaifeadadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta sa Stát sin. Bunófar an toiliú ionas go dtaispeántar go bhfuil sé déanta go deonach ag an duine agus é ar an láneolas faoin na hiarmhairtí. Chuige sin, beidh an ceart ag an duine iarrtha do dhlíodóir;

(c) nuair nach bhfuil an duine iarrtha faoi réir riail na speisialtachta, i gcomhréir le hAirteagal 27(3)(a), (e), (f) agus (g).

3. Toilíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach leis an ngéilleadh do Bhallstát eile de reir na rialacha seo a leanas:

(a) tíolacfar an iarrraidh ar thoiliú i gcomhréir le hAirteagal 9, maille leis an bhfaisnéis atá luaite in Airteagal 8(1), agus aistriúchán mar atá luaite in Airteagal 8(2);

(b) tabharfar an toiliú nuair atá an cion a ndéantar an iarraidh mar gheall air ina ábhar é féin do ghéilleadh i gcomhréir le forálacha an Treoirchinnidh seo;

(c) glacfar an bhreith tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an iarraidh a fháil;

(d) diúltófar an toiliú ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 3 ach lasmuigh de sin ní fhéadfar é a dhiúltú ach amháin ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 4.

Maidir leis na cora atá luaite in Airteagal 5, ní mór don Bhallstát eisitheach na ráthaíochtaí dá bhforáiltear ann a thabhairt.

4. D'ainneoin mhír 1, ní dhéanfar duine atá géillte de bhun barántas gabhála Eorpach a eiseachadadh chuig triú Stát gan toiliú ón údarás inniúil sa Bhallstát a ghéill an duine. Tabharfar an toiliú sin i gcomhréir leis na Coinbhinsiúin atá ina gceangal ar an mBallstát sin agus lena dhlí inmheánach.

Airteagal 29

Maoin a thabhairt ar láimh

1. Déanfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, arna iarraidh sin don údarás breithiúnach eisitheach nó ar a thionscnamh féin, maoin a urghabháil agus a thabhairt ar láimh atá:

(a) ag teastaíl mar fhianaise, nó

(b) faighte ag an duine iarrtha de dheasca an chiona.

2. Tabharfar ar láimh an mhaoin dá dtagraítear i mír 1 go fiú mura féidir an barántas gabhála Eorpach a chur i gcrích de thairbhe bhás nó éalú an duine iarrtha.

3. Más maoin é an mhaoin dá dtagraítear i mír 1 a dhlífear a urghabháil nó a choigistiú ar chríoch an Bhallstát forghníomhaithigh, féadfaidh an déanach, má tá an mhaoin ag teastáil i ndáil le himeachtaí coiriúla atá ar feitheamh, é a choinneáil go sealadach nó é a thabhairt ar láimh don Bhallstát eisitheach ar choinníoll go dtugtar ar ais é.

4. Aon chearta a fhéadfaidh an Ballstát forghníomhaitheach nó tríú páirtithe a fháil sa mhaoin dá dtagraítear i mír 1, déanfar iad a chaomhnú. Nuair atá cearta den sórt sin ann, tabharfaidh an Ballstát eisitheach an mhaoin ar ais gan mhuirear don Bhallstát forghníomhaitheach a luaithe is féidir tar éis na trialach.

Airteagal 30

Costais

1. Beidh na costais arna dtabhú ar chríoch an Bhallstáit fhorghníomhaithigh de bharr barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú de mhuirear ar an mBallstát sin.

2. Beidh na costais eile de mhuirear ar an mBallstát eisitheach.

CAIBIDIL 4

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 31

An bhaint le hionstraimí dlí eile

1. Gan dochar dá gcur i bhfeidhm sa chaidreamh idir Ballstáit agus tríú Stáit, gabhfaidh ar an 1 Eanáir 2004 na forálacha atá sa Treoirchinneadh seo ionad na bhforálacha comhfhreagracha de na coinbhinsiúin seo a leanas is infheidhme maidir leis an eiseachadadh sa chaidreamh idir na Ballstáit,

(a) Coinbhinsiún Eorpach um Eiseachadadh an 13 Nollaig 1957, Prótacal Breise a ghabhann leis an 15 Deireadh Fómhair 1975, Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an 17 Márta 1978 agus Coinbhinsiún Eorpach chun Sceimhlitheoireacht a Dhíothú an 27 Eanáir 1977, fad a bhaineann leis an eiseachadadh;

(b) Comhaontú an 26 Bealtaine 1989 idir Dhá Ballstát Déag na gComhphobal Eorpach maidir le simpliú agus nuachóiriú na modhanna chun iarrtaí ar eiseachadh a tharchur;

(c) Coinbhinsiún an 10 Márta 1995 maidir leis an nós imeachta simplithe um eiseachadadh idir na Ballstáit den Aontas Eorpach;

(d) Coinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1996 maidir leis an eiseachadadh idir na Ballstáit den Aontas Eorpach;

(e) Teideal III, Caibidil 4 de Choinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 ag cur chun feidhme Chomhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag na teorainneacha coiteanna a dhíothú de réir a chéile.

2. Féadfaidh Ballstáit leanúint de chomhaontuithe nó comhshocraíochtaí déthaobhacha nó iltaobhacha atá i bhfeidhm nuair a ghlactar an Treoirchinneadh seo a chur i bhfeidhm a mhéad a cheadaíonn comhaontuithe nó comhshocraíochtaí den sórt sin cuspóirí an Treoirchinnidh a fhairsingiú nó a mhéadú agus go gcuidíonn siad leis na nósanna imeachta a shimpliú agus a éascú tuilleadh maidir le géilleadh daoine is ábhair don bharántas gabhála Eorpach.

Féadfaidh Ballstáit comhaontuithe nó comhshocraíochtaí déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích tar éis an Treoirchinneadh seo a theacht i bhfeidhm a mhéad a cheadaíonn comhaontuithe nó comhshocraíochtaí den sórt sin fororduithe an Treoirchinnidh a fhairsingiú agus a mhéadú agus go gcuidíonn siad leis na nósanna imeachta a shimpliú agus a éascú tuilleadh maidir le géilleadh daoine is ábhair don bharántas gabhála Eorpach, go háirithe trí theorainneacha ama níos giorra ná na cinn atá socruithe in Airteagal 17 a shocrú, trí liosta na gcionta atá leagtha síos in Airteagal 2(2) a leathnú, trí na forais le diúltú atá leagtha síos in Airteagail 3 agus 4 a theorannú tuilleadh, nó tríd an uasteorainn atá leagtha síos in Airteagal 2(1) nó (2) a ísliú.

Ní fhéadfaidh na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí dá dtagraítear sa dara mír difear a dhéanamh don chaidreamh leis na Ballstáit nach bhfuil ina bpáirtithe iontu.

Tabharfaidh na Ballstáit, laistigh de thrí mhí ón Treoirchinneadh seo a theacht i bhfeidhm, fógra don Chomhairle agus don Choimisiún faoi na comhaontuithe atá ann dá dtagraítear sa chéad fhomhír is mian leo leanúint dá gcur i bhfeidhm.

Tabharfaidh na Ballstáit, laistigh de thrí mhí óna shíniú, fógra don Chomhairle agus don Choimisiún freisin faoi aon chomhaontú nó comhshocraíocht nua dá dtagraíteatr sa dara fomhír.

3. Nuair atá na coinbhinsiúin nó comhshocraíochtaí dá dtagraítear i mír 1 infheidhme ar chríocha na mBallstát nó críocha a bhfuil Ballstát freagrach as a chaidreamh eachtrach nach bhfuil an Treoirchinneadh infheidhme air, leanfaidh na hionstraimí sin den chaidreamh atá ann idir na críocha sin agus na Ballstáit eile a rialú.

Airteagal 32

Foráil idirthréimhseach

1. Leanfaidh iarrataí ar eiseachadadh arna bhfáil roimh 1 Eanáir 2004 de bheith faoi rialú ag ionstraimí atá ann a bhaineann leis an eiseachadadh. Iarrataí arna bhfáil ón 1 Eanáir 2004 ar aghaidh, beidh siad faoi rialú ag na rialacha arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun an Treoirchinnidh seo. Ar a shon sin, féadfaidh Ballstát, tráth an Chomhairle an Treoirchinneadh seo a ghlacadh, ráiteas a dhéanamh á rá go leanfaidh sé mar Bhallstát forghníomhaitheach de dhéileáil le hiarrataí a bhaineann le gníomhartha arna ndéanamh roimh dháta a shonraíonn sé i gcomhréir leis an gcóras um eiseachadadh is infheidhme roimh 1 Eanáir 2004. Ní fhéadfar gur déanaí an dáta i gceist ná 7 Lúnasa 2002. Foilseofar aon ráiteas den sórt sin san Iris Oifigiúil. Féadfar é a tharraingt siar tráth ar bith.

Airteagal 33

Foráil maidir leis an Ostair agus Giobráltar

1. Fad nach bhfuil Airteagal 12(1) den 'Auslieferungs- und Rechtshilfegesetz' modhnaithe ag an Ostair agus, ar a dhéanaí, go dtí 31 Nollaig 2008, féadfaidh an Ostair ceadú dá húdaráis bhreithiúnacha forghníomhaitheacha forghníomhú barántas gabhála Eorpach a dhiúltú más saoránach den Ostair an duine iarrtha agus más rud é nach bhfuil an gníomh ar eisíodh an barántas gabhála Eorpach mar gheall air inphionóis faoi dhlí na hOstaire.

2. Beidh an Treoirchinneadh seo infheidhme ar Ghiobráltar.

Airteagal 34

Cur chun feidhme

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoirchinneadh seo a chomhlíonadh faoi 31 Nollaig 2003.

2. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig Ardrúnaíocht na Comhairle agus chuig an gCoimisiún téacs aon fhorálacha a thrasuíonn ina ndlí náisiúnta na hoibleagáidí arna bhforchur orthu faoin Treoirchinneadh seo. Lena linn sin, féadfaidh gach Ballstát a shonrú go gcuirfidh sé an Treoirchinneadh seo i bhfeidhm láithreach ina chaidreamh leis na Ballstáit sin a bhfuil an fógra céanna tugtha acu.

Cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle i bhfios do na Ballstát agus don Choimisiún an fhaisnéis atá faighte de bhun Airteagal 7(2), Airteagal 8(2), Airteagal 13(4) agus Airteagal 25(2). Foilseoidh sé an fhaisnéis san Iris Oifigiúil.

3. Ar bhonn na faisnéise arna páirtiú ag Ardrúnaíocht na Comhairle, cuirfidh an Coimisiún, faoi 31 Nollaig 2004 ar a dhéanaí, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi oibríocht an Treoirchinnidh seo mar aon, más gá, le tograí reachtacha.

4. Sa dara leath de 2003 athbhreithneoidh an Chomhairle cur chun feidhme, agus go háirithe cur i bhfeidhm praiticiúil, an Treoirchinnidh seo sna Ballstáit agus freisin oibriú Chóras Faisnéise Schengen.

Airteagal 35

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoirchinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfichidiú lá tar éis á fhoilsithe san Iris Oifigiúil.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 13 Meitheamh 2002.

Thar cheann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAJOY BREY

IARSCRÍBHINN

BARÁNTAS GABHÁLA EORPACH ([1])

Tá an barántas seo eisithe ag údarás breithiúnach inniúil. Iarraim go ndéantar an duine atá luaite thíos a ghabháil agus a ghéilleadh ar mhaithe le hionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith faoi choimeád nó ordú coinneála a fhorghníomhú.

([1]) Ní mór an barántas seo a scríobh i gceann de theangacha oifigiúla an Stáit fhorghníomhaithigh nó a aistriú go ceann de theangacha oifigiúla an Stáit fhorghníomhaithigh, nuair is eol an Stát sin, nó aon teanga eile arna glacadh ag an Stát sin.

(a) Faisnéis maidir le céannacht an duine iarrtha: . . . . . .

Ainm: . . . . . .

Réamhainm(neacha): . . . . . .

Ainm réamhphósta, más infheidhme: . . . . . .

Ainmneacha cleite, más infheidhme: . . . . . .

Gnéas: . . . . . .

Náisiúntacht: . . . . . .

Dáta breithe: . . . . . .

Ionad breithe: . . . . . .

Áit chónaithe agus/nó seoladh aitheanta: . . . . . .

Teanga(cha) a thuigeann an duine iarrtha (más eol): . . . . . .

. . . . . .

Sainchomharthaí/tuairisc den duine iarrtha: . . . . . .

. . . . . .

Grianghraf agus méarloirg an duine iarrtha, má tá siad ann agus más féidir iad a tharchur, nó sonraí tadhaill an duine atá le tadhall chun an fhaisnéis sin a fháil nó próifíl DNA (más féidir an fhianaise seo a sholáthar ach nuair nach bhfuil sí ar áireamh)

(b) Breith ar a bhfuil an barántas bunaithe:

1. Barántas gabhála nó breith bhreithiúnach leis an éifeacht chéanna . . . . . .

Saghas: . . . . . .

2. Breithiúnas infhorghníomhaithe: . . . . . .

. . . . . .

Tagairt: . . . . . .

(c) Eolas maidir le fad na pianbhreithe:

1. Fad uasta na pianbhreithe faoi choimeád nó an ordú coinneála is infhorchurtha mar gheall ar an gcion/na cionta

. . . . . .

. . . . . .

2. Fad na pianbhreithe faoi choimeád nó an ordú coinneála arna bhforchur:

. . . . . .

Méid na pianbhreithe atá le seirbheáil fós: . . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

(d) Tugadh an bhreith *in absentia* agus:

— Tá toghairm faighte go pearsanta ag an duine i dtrácht nó cuireadh ar an eolas é ar dhóigh eile faoi dháta agus ionad na héisteachta inar tugadh an bhreith *in absentia*

nó

— Níl toghairm faighte go pearsanta ag an duine i dtrácht nó níor cuireadh ar an eolas é ar dhóigh eile faoi dháta agus ionad na héisteachta inar tugadh an bhreith *in absentia* ach tá na ráthaíochtaí dlí seo a leanas tar éis an ghéillte (cf. Is féidir ráthaíochtaí den sórt sin a thabhairt roimh ré):

Sonraigh na ráthaíochtaí dlí:

. . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

(e) Cionta:

Baineann an barántas seo san iomlán le: . . . . . cionta.

Tuairisc ar na himthosca ina ndearnadh an cion/na cionta, lena n-áirítear an t-am, an t-ionad agus méid an rannpháirteachais ag an duine iarrtha sa chion/sna cionta

. . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

Cineál agus rangú dlí an chiona/na gcionta agus an fhoráil/cód reachtúil is infheidhme:

. . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

I. Más infheidhme, cuir tic ar cheann amháin nó níos mó de na cionta seo a leanas is inphionóis sa Stát eisitheach le pianbhreith faoi choimeád ag feadh trí bliana ar a laghad mar atá arna shainiú sna dlíthe sa Stát eisitheach:

☐ rannpháirteachas in eagraíocht choiriúil;
☐ sceimhlitheoireacht;
☐ ceannaíocht i ndaoine;
☐ dúshaothrú gnéasach leanaí agus an phornagrafaíocht maidir le leanaí;
☐ gáinneáil aindleathach i ndrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha;
☐ gáinneáil aindleathach in airm, lón cogaidh agus pléascáin;
☐ éilliú;
☐ calaois, lena n-áirítear an chalaois a fhearann ar leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach de réir bhrí Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhbhobal Eorpach a chosaint;
☐ fáltais na coiriúlachta a sciúradh;
☐ airgeadra, lena n-áirítear an euro, a ghóchumadh;
☐ an choiriúlacht atá bainteach le ríomhaireacht;
☐ coiriúlacht na timpeallachta, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach i speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus i speicis phlandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt;
☐ iontráil agus cónaí neamhúdaraithe a éascú;
☐ dúnmharú, mórdhíobháil choirp;
☐ trádáil aindleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine;
☐ fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil agus gabháil giall;
☐ ciníochas agus seineafóibe;
☐ robáil eagraithe nó armtha;
☐ gáinneáil aindleathach in earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne;
☐ caimiléireacht;
☐ cambheartaíocht agus sracaireacht;
☐ góchumadh agus píoráideacht táirgí;
☐ doiciméid riarthacha a bhrionnú agus cambheartaíocht iontu;
☐ cóir íocaíochta a bhrionnú;
☐ gáinneáil aindleathach i substaintí hormónacha agus tionscnóirí fáis eile;
☐ gáinneáil aindleathach in ábhair núicléacha nó radaighníomhacha;
☐ gáinneáil i mótarfheithiclí goidte;
☐ éigniú;
☐ coirloscadh;
☐ coireanna laistigh de dhlínse an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta;
☐ urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/árthaí;
☐ sabaitéireacht.

II. Tuairisc iomlán ar an gcion/na cionta nach bhfuil folaithe i Roinn I thuas:

. . . . . .

. . . . . .

(f) Imthosca eile is ábhartha don chás (faisnéis dheonach):

(NB: D'fhéadfaí barúlacha maidir le seach-chríochachas, briseadh sna tréimhsí a bhaineann le teorannú ama agus iarmhairtí eile den chion a fholú)

. . . . . .

. . . . . .

(g) Clúdaíonn an barántas seo freisin maoin a urghabháil agus a thabhairt ar láimh atá riachtanach mar fhianaise.

Clúdaíonn an barántas seo freisin maoin atá faighte ag an duine iarrtha de thoradh ar an gcion a urghabháil agus a thabhairt ar láimh:

Tuairisc ar an maoin (agus ionad) (más eol):

. . . . . .

. . . . . .

. . . . . .

(h) An cion/na cionta atá mar bhonn leis an mbarántas seo a bheith eisithe, tá siad inphionóis le pianbhreith saoil nó ordú coinneála fad saoil nó tá pianbhreith saoil nó ordú coinneála fad saoil mar thoradh orthu:

— ceadaíonn an córas dlí sa Bhallstát eisitheach an pionós arna fhorchur a athbhreithniú — arna iarraidh sin nó faoi cheann 20 bliain ar a laghad — arb é is aidhm dó pionós nó beart den sórt sin a neamhfhorghníomhú,

agus/nó

— ceadaíonn an córas dlí sa Bhallstát eisitheach bearta trócaire a chur i bhfeidhm a bhfuil an duine ina dteideal faoina dhlí nó cleachtas náisiúnta arb é is aidhm dóibh pionós nó beart den sórt sin a neamhfhorghníomhú.

(i) An t-údarás náisiúnta a d'eisigh an barántas:

Ainm oifigiúil:

Ainm an ionadaí aige ([1]): . . . . . .

. . . . . .

Post (teideal/grád): . . . . . .

. . . . . .

Comhadtagairt: . . . . . .

Seoladh: . . . . . .

. . . . . .

Uimh. teil.: (cód na tíre) (cód an cheantair/na cathrach) (...) . . . . . .

Uimh. facs.: (cód an tíre) (cód an cheantair/na cathrach) (...) . . . . . .

Ríomhphost: . . . . . .

Sonraí tadhaill an duine atá le tadhall chun na socruithe praiticiúla riachtanacha a dhéanamh maidir leis an ngéilleadh: . . . . . .

. . . . . .

([1]) Sna leaganacha éagsúla teanga ní mór tagairt do 'shealbhóir' an údaráis bhreithiúnaigh a thabhairt.

Má cuireadh an fhreagracht ar údarás láir barántais ghabhála Eorpacha a tharchur agus iad a ghlacadh go riarthach:

Ainm an údaráis láir:

. . . . . .

Duine tadhaill, más infheidhme (teideal/grád agus ainm):

. . . . . .

Seoladh: . . . . . .

. . . . . .

Uimh. teil.: (cód na tíre) (cód an cheantair/na cathrach) (...) . . . . . .

Uimh. facs.: (cód an tíre) (cód an cheantair/na cathrach) (...)

Ríomhphost: . . . . . .

Síniúchán an údaráis bhreithiúnaigh eisithigh agus/nó ionadaí dó:

. . . . . .

Ainm: . . . . . .

Post (teideal/grád): . . . . . .

Dáta: . . . . . .

Séala oifigiúil (más ann)

Dearbhuithe arna ndéanamh ag Ballstáit áirithe maidir leis an Treoirchinneadh ghlacadh

Dearbhuithe dá bhforáiltear in Airteagal 32

Dearbhú ón bhFrainc:

De bhun Airteagal 32 den Treoirchinneadh maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um ghéilleadh idir na Ballstáit, dearbhaíonn an Fhrainc go leanfaidh sí mar Bhallstát forghníomhaitheach de bheith ag déileáil le hiarrataí a bhaineann le gníomhartha arna ndéanamh roimh an 1 Samhain 1993, an dáta ar tháinig an Conradh ar an Aontas Eorpach arna shíniú in Maastricht ar an 7 Feabhra 1992 i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gcóras um eiseachadadh is infheidhme roimh an 1 Eanáir 2004.

Dearbhú ón Iodáil:

Leanfaidh an Iodáil de bheith ag déileáil i gcomhréir leis na rialacha um eiseachadadh atá i bhfeidhm le gach iarraidh a bhaineann le gníomhartha arna ndéanamh roimh an dáta a thagann an Treoirchinneadh maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach i bhfeidhm, dá bhforáiltear in Airteagal 32.

Dearbhú ón Ostair:

De bhun Airteagal 32 den Treoirchinneadh maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um ghéilleadh idir na Ballstáit, dearbhaíonn an Ostair go leanfaidh sí mar Bhallstát forghníomhaitheach de bheith ag déileáil le hiarrataí a bhaineann le gníomhartha inphionóis arna ndéanamh roimh an dáta ar tháinig an Treoirchinneadh i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gcóras um eiseachadadh is infheidhme roimh an dáta sin.

Dearbhuithe dá bhforáiltear in Airteagal 13(4)

Dearbhú ón mBeilg:

Féadfar an toiliú ón duine i dtrácht dá g(h)éilleadh a chúlghairm go dtí tráth an ghéillte.

Dearbhú ón Danmhairg:

Féadfar an toiliú don ghéilleadh agus an teideal do riail na speisialtachta a thréigean go sainráite a chúlghairm i gcomhréir leis na rialacha ábhartha is infheidhme tráth ar bith faoi dhlí na Danmhairge.

Dearbhú ó Éirinn:

Féadfar, in Éirinn, an toiliú don ghéilleadh agus, nuair is iomchuí, an teideal do riail na speisialtachta a thréigean go sainráite dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a chúlghairm. Féadfar an toiliú a chúlghairm i gcomhréir leis an dlí inmheánach go dtí go ndéantar an géilleadh a fhorghníomhú.

Dearbhú ón bhFionlainn:

Féadfar, san Fhionlainn, an toiliú don ghéilleadh agus, nuair is iomchuí, an teideal do riail na speisialtachta a thréigean go sainráite dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a chúlghairm. Féadfar an toiliú a chúlghairm i gcomhréir leis an dlí inmheánach go dtí go ndéantar an géilleadh a fhorghníomhú.

Dearbhú ón tSualainn:

Féadfaidh an páirtí a bhfuil a ghéilleadh iarrtha an toiliú nó an tréigean de réir bhrí Airteagal 13(1) a chúlghairm. Ní mór an chúlghairm a bheith ann sula ndéantar an cinneadh mar gheall ar an ngéilleadh a fhorghníomhú.